AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD05

Téama
Gníomhaíocht ranga (GR). Bíonn daltaí ag breathnú ar éin ar thalamh na scoile agus tugann siad faoi deara go mbíonn gob ar éin a bhíonn in oiriúint don chineál bia a itheann siad.

Cuspóirí
Ag rangú éan trí bheith ag breathnú ar a ngoba agus ag imscrúdú an bhaint a bhíonn idir goba éan, an áit a mhaireann siad, cad a itheann siad agus an t-iompar a bhíonn orthu.

Snáitheanna Curaclaim
OSIE Eolaíocht – Plandaí agus ainmhithe; Sórtáil dúile beo i dtacair agus cuir i ngrúpaí iad de réir gnéithe a bhíonn feiceálach.

Scileanna
Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag sórtáil, ag aithint.

Am
30 nóiméad.

Nascadh le Scoileanna Glasa
Ag breathnú ar an dúlra ar thalamh na scoile.

Féach ar an éinín!

AG BREATHNÚ AR ÉIN AGUS AG DÉANAMH CUR SÍOS ORTHU

CAD A THEASTÓIDH UAIT

- Bileog gníomhaíochta
- Déshúiligh (más féidir)
- Bord éan nó folach éan
- Eochair aitheantais éin ón mbileog gníomhaíochta seo.

CAD A DHÉANFAIDH TÚ

1 Bheadh sé go maith an ghníomhaíocht seo a dhéanamh tar éis bord éan nó folach éan a thógáil. Nó d'fhéadfadh daltaí áit a bhíonn scoite amach ó thalamh na scoile a fháil chun dul ag féachaint ar éin.

2 Faigheann gach dalta cóip den bhileog gníomhaíochta thíos.

3 Pléigh leis an rang ar thug siad faoi deara riamh go raibh goba éagsúla ar éin. Cad iad na cineálacha gob a chonaic siad?

4 Bíonn goba éagsúla ar éin a bhíonn in oiriúint don chineál bia a itheann siad. Bíonn gob éin ar cheann de na tréithe a úsáidtear chun éin a aithint. Ní hamháin gur féidir le gob éin insint dúinn cad a itheann éan ach tugann sé leid dúinn freisin maidir le cén áit a mhaireann an t-éan. Mar shampla, bíonn gob tanaí, caol agus biorach ar an spideog chun breith ar fheithidí agus chun iad a ithe. Dá bhrí sin bíonn orthu maireachtáil i ngairdíní, i gcoilearnacha, i gceantair uirbeacha agus i gceantair faoin tuath ina mbíonn siad in ann feithidí a phiocadh ó dhuilleoga, ó chipíní agus ó choirteacha. Ní bheadh an spideog in ann maireachtáil ar an gcladach. Tá gob fada ar nós miodóige ar an gcorr réisc chun breith ar iasc agus tá cosa fada uirthi ionas go bhféadfaidh sí seasamh san uisce.



AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD05

leanúint →

5 Féach ar an tábla thíos, léirítear an chaoi a mbíonn goba na n-éan is fairsinge a bhíonn le fáil i ngairdíní na hÉireann in oiriúint don bhia a itheann siad.

6 Tar éis an chleachtaidh seo téigh amach ar thalamh na scoile (le déshúiligh más féidir) agus féach an bhfeicfidh tú aon ghoba i mbun gnímh. Ceanglaíonn sé sin isteach le cleachtaí eile a bhaineann le breathnú agus le rangú.

Ceisteanna

1 An bhfaca tú aon cheann de na héin is coitianta a bhíonn le fáil sa ghairdín ar thalamh na scoile?

2 An mó éin a bhí ann a itheann feithidí nó éin a itheann síolta?

3 Cén fáth a gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach go n-itheann ainmhithe a mhaireann le chéile bia éagsúil?

Ar agaidh leat

1 Féach ar Chláir Thacaíochta an Churaclaim Bunscoile chun an ghníomhaíocht maidir le hamhráin éan a fháil sa roinn acmhainní eolaíochta ag www.pcsp.ie

2 Déan barrachairt agus croch suas í ar bhalla do ranga. Líon isteach an chairt gach uair a fheiceann tú éan. Cad iad na cineálacha éan is mó a bhíonn ar thalamh na scoile?

Éan	Cineál Goib agus Bia
An Spideog An Dreoilín	Gob tanaí, caol agus biorach. Úsáidtear é chun feithidí agus damhain alla a phiocadh ó chipíní, ó choirteacha agus ó chasarnach.
An Lon Dubh	Gob biorach níos faide le péist a tharraingt as an talamh agus chun caora a phiocadh.
An Smólach (ceoil)	Gob fada tanaí a úsáidtear chun seilidí a bhaint amach as a gcuid sliogán agus chun caora a phiocadh.
An Meantán gorm An Meantán mór An Meantán dubh	Gob gearr biorach a úsáidtear chun feithidí agus síolta agus cnónna beaga a bhailiú. Is maith leis na héin seo a bheith ag crochadh ó bheathóirí éan.
Rí rua Glasán darach	Gob gearr biorach a úsáidtear chun síolta agus feithidí a bhailiú.
Snag breac	Gob mór láidir a bhíonn ábalta uibheacha éin eile a bhriseadh agus fiú éin óga a ithe.

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD05

leanúint →

Thángthas ar na pictiúir agus go leor den eolas san eochair seo i Birds Colouring & Guide Book de chuid Stáisiún Mara Inis Arcáin, léirithe lena gcaoinchead.

Le fáil ar sherkinmarine@eircom.net

Seo roinnt de na héin is coitianta in Éirinn. B'fhéidir go gceapann tú go bhfuil go leor acu cosúil lena chéile agus b'fhéidir go mbeidh mearbhall ort ar dtús. Coinnigh leat! Tabharfaidh tú difríochtaí faoi deara de réir mar a bhíonn tú ag breathnú orthu ó thaobh an chuma atá orthu agus a n-iompar, na háiteanna a mhaireann siad agus na háiteanna ina n-itheann siad. Cuideoidh siad sin leat chun iad a aithint ó chéile agus beidh tú in ann iad a ainmniú gan mhoill.

Tomhaistear iad ó barr a ngob go dtí bonn a n-eireaball

ÉIN BHEAGA



An Dreoilín Wren

Tá an dreoilín ar cheann de na héin is lú (9.5cm). Tá dath éadrom donn ar an dreoilín agus tá eireaball beag air a bhíonn ag gobadh suas san aer. Is féidir é a fheiceáil i ngairdíní, i bhfálta agus i gcoillte agus bíonn sé ag imeacht as féin go hiondúil.

Bia: feithidí, damháin alla, larbha agus síolta
Uibheacha: 5-8 ubh i nead i gcruth cruinneacháin

An meantán gorm – Blue tit

Is éan beag é an meantán gorm (10-12cm) le cleití idirdhealaithe gorm agus buí agus stríoc dubh trasna na súl. Is féidir an meantán gorm a fheiceáil sa ghairdín, i bpáirceanna agus i bhfálta sceach agus bíonn siad le feiceáil go minic i ngrúpaí beaga thart timpeall bheathóirí éan.

Bia: feithidí, caora, bléibíní, síolta, damháin alla agus cnónna ó beathóirí éan agus ó bhoird éan
Uibheacha: 8–15

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD05

leanúint →



Spideog - Robin

Bíonn sé éasca an spideog a aithint de bharr go bhfuil brollach dearg uirthi. Tá droim agus sciatháin donn ar na héin bheaga seo (12-14cm) agus is féidir iad a fheiceáil i ngairdíní, i gcoillte, i bpáirceanna agus i bhfálta ar fud na tíre. Bíonn siad ina n-aonar agus ní bhíonn siad faiteach. Má shuíonn tú socair tiocfaidh siad suas chomh fada leat.

Bia: péisteanna, feithidí, seilidí agus torthaí
Uibheacha: 3–6

Fáinleog - Swallow

Swallow—Fáinleog

Caitheann an fháinleog an geimhreadh san Afraic agus déanann sí an turas fada ar ais go dtí an nead céanna in Éirinn gach Aibreán. Bíonn na neadacha déanta as puiteach agus bíonn siad déanta sna rachtaí i sciobóil nó faoi sceimhleacha foirgnimh. Bíonn éadan dearg ar an bhfáinleog, ceann, corp agus sciatháin dhubha agus brollach bán. Feictear an t-éan seo ag eitilt go híseal os cionn na talún nó os cionn an uisce nó bíonn siad ina suí ar shreangáin lasnairde. Bíonn eireaball an-fhada uirthi dá méid agus í idir 17-21cm ar fhad.

Bia: feithidí a bhíonn ag eitilt
Uibheacha: 3–6

Glasóg shráide - Pied wagtail

Bíonn glasóga shráide dubh agus bán. Fuair siad a n-ainm Béarla ón eireaball fada a bhíonn ag dul suas agus anuas nuair a bhíonn siad ag siúl. Bíonn siad thart ar 16-19cm ar fhad agus is féidir iad a fheiceáil ar shráideanna cathrach, i mbailte nó amuigh faoin tuath.

Bia: cuileoga agus féileacáin oíche
Uibheacha: 5–6

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD05

leanúint →

ÉIN AR MHEÁN MHÉID

An Lon Dubh – Blackbird

Fásann an lon dubh go dtí thart ar 25-29cm ar fhad agus bíonn ceol binn aige. Bíonn an lon dubh fireann dubh agus bíonn gob oráiste air agus bíonn clúmh (cleití) donn dorcha ar an lonn dubh baineann agus gob dorcha. Is féidir an lon dubh a fheiceáil i ngairdíní, i bpáirceanna agus i gcoillearnacha agus é ag léim ó áit go háit ag tarraingt péisteanna as an talamh. Bíonn siad ag imeacht ina n-aonar nó i mbeirteanna.

Bia: feithidí, torthaí, síolta, caora agus péist talún
Uibheacha: 3–5 eggs

Druid – Starling

Bíonn druideanna an-choitianta agus bíonn ealtaí díobh le féiceáil gach áit. Bíonn cleití an-lonnrach donna agus dubha orthu le bricíní geala. Éiríonn a ngob buí níos dorcha sa gheimhreadh. Bíonn druideanna thart ar 20cm ar fhad agus is féidir iad a aithint ón lon dubh de bharr na mbricíní a bhíonn orthu agus eireaball níos giorra agus mar bhíonn sé de nós acu a bheith ag eitilt in ealtaí.

Bia: péisteanna, feithidí, damháin alla, seilidí agus caora
Uibheacha: 5–7

Cág – Jackdaw

Bíonn cága dubh le cloigeann liath agus súile gorma. Bíonn siad idir 30-34cm ar fhad. Bíonn siad níos lú ná an préachán ach níos mó ná an lon dubh. Bíonn gob i bhfad níos lú orthu ná an préachán agus déanann siad a neadacha ar bharr crann ard. Bíonn siad le feiceáil i mbailte, i gcathracha agus amuigh faoin tuath.

Bia: feithidí, grán, torthaí, síolta agus uibheacha éin eile
Uibheacha: 3–6

Smólach ceoil – Song thrush

Bíonn glaoch álainn ag an smólach ceoil agus bíonn siad le feiceáil i ngairdíní, i bpáirceanna agus i gcoillearnacha. Bíonn siad donn le bolg níos gile agus bricíní dubha ar an mbrollach. Bíonn siad le feiceáil ag bualadh seilidí ar charraigeacha chun na seilidí a bhaint amach as na blaoscanna.

Bia: seilidí agus caora
Uibheacha: 3–6

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD05

Ieanúint →

ÉIN MHÓRA



Faoileán scadán – Herring gull

Bíonn an faoileán scadán, an faoileán is coitianta in Éirinn, thart ar 54-60cm ar fhad. Bíonn neadacha ag na faoileáin scadán ar aillte, ar oileáin agus fiú ar dhíonta. Is éin mhara iad faoileáin ach bíonn siad le feiceáil istigh faoin tír in ealtaí freisin. Bíonn faoileáin le feiceáil go minic ag tarraingt as ionaid dumpála dramhaíola.

Bia: iasc, portáin, uibheacha éin eile, fuíoll bia agus péisteanna
Uibheacha: 3

Snag breac – Magpie

Is éan sotalach é an snag breac agus bíonn sé éasca iad a aithint mar gheall ar na cleití dubha agus bána. Bíonn na héin seo thart ar 40-50cm ar fhad agus is féidir iad a fheiceáil i ngrúpaí i mbailte agus amuigh faoin tuath. Tógann siad neadacha móra ar nós cruinneacháin as cipíní agus as puiteach.

Bia: péisteanna, drúchtíní, bia peataí, uibheacha agus éin óga le héin níos lú.
Uibheacha 4–7

Colm coille – Woodpigeon

Tá an colm coille ar cheann de na colúir is mó, ag thart ar 38 –43cm ar fhad. Bíonn dath liath éadrom ar an gclúmh le brollach corcra agus paistí bána, uaine agus corcra ar taobh an mhuiníl. Is féidir an colm coille a fheiceáil i ngrúpaí i bpáirceanna nó i ngairdíní, ag ithe san fhéar nó ag suí i gcrainn nó i bhfálta.

Bia: síolta, arbhar, duilleoga agus caora
Uibheacha: 2